



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Meán Fómhair 2023  
(OR. en)

13076/23  
PV CONS 41  
AGRI 520  
PECHE 365

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**  
COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH  
(**Talmhaíocht agus Iascach**)  
18 Meán Fómhair 2023

## CLÁR

### Leathanach

|    |                                |   |
|----|--------------------------------|---|
| 1. | Glacadh an chláir oibre.....   | 3 |
| 2. | Formheas na míreanna ‘A’ ..... | 3 |
|    | (a) Liosta neamhreachtach      |   |
|    | (b) Liosta reachtach           |   |

## IASCACH

### Gníomhaíochtaí neamhreachtach

|    |                                                                                                                             |   |
|----|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|---|
| 3. | An tAontas agus an Ríocht Aontaithe: na comhairliúcháin bhliantúla maidir le deiseanna iascaireachta le haghaidh 2024 ..... | 5 |
| 4. | An tAontas agus an Iorua agus stáit chósta: na comhairliúcháin bhliantúla do 2024 .....                                     | 5 |

## TALMHAÍOCHT

### Plé reachtach

|    |                                                                                                                                                |   |
|----|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|---|
| 5. | Treoir maidir le sláinte ithreach: Ithreacha an Aontais a chosaint, a bhainistiú go hinbhuanaithe agus a athbhunú – Gnéithe talmhaíochta ..... | 5 |
|----|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|---|

### Gníomhaíochtaí neamhreachtach

|    |                                                                                                                             |   |
|----|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|---|
| 6. | Saincheisteanna talmhaíochta a bhaineann le trádáil .....                                                                   | 5 |
| 7. | Fís fhadtéarmach le haghaidh Cheantair Thuaithe an Aontais: a bhfuil i ndán do cheantair thuaithe an Aontais a mhúnlú ..... | 5 |

### Aon ghnó eile

## Talmhaíocht

|    |                                                                                                                    |   |
|----|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|---|
| 8. | (a) Tograí reachtach reatha<br>Tionchar an dréacht-Rialacháin maidir le hAthchóiriú an Dúlra don talmhaíocht.....  | 6 |
|    | (b) Fiabhras Afracach na Muc sa tSualainn .....                                                                    | 6 |
|    | (c) Cruinniú na Náisiún Aontaithe maidir le Staid Imeartha na gCóras Bia +2<br>(an Róimh, an 24-26 Iúil 2023)..... | 6 |
|    | (d) Damáiste don talmhaíocht, foraoiseacht agus dobharshaothrú mar thoradh ar na tuilte in 2023.....               | 6 |
|    | (e) Géarchéim aeráide agus tubaistí nádúrtha sa Ghréig .....                                                       | 7 |
|    | (f) Simpliú agus rialáil níos fearr i gComhbheartais an Aontais maidir le bia, talmhaíocht agus iascach.....       | 7 |

|                                                                    |   |
|--------------------------------------------------------------------|---|
| IARSCRÍBHINN – Ráitis le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle..... | 8 |
|--------------------------------------------------------------------|---|

\*\*\*

## 1. Glacadh an chláir oibre

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 12652/1/23 REV 1.

## 2. Formheas na míreanna ‘A’

### (a) Liosta neamhreachtach

12856/23

Ghlac an Chomhairle gach mír ‘A’ a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tiolacadh lena nglacadh. Mheabhraigh toscaireacht na Polainne go raibh sé ar intinn aici staonadh ó mhír 1.

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san Aguisín.

### (b) Liosta reachtach (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

12857/23

## Iascach

### 1. Rialachán maidir le forálacha áirithe i ndáil le hiascaireacht i limistéar Chomhaontú an Choimisiún Ghinearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CIGM) (athmhúnlú)



12628/23 + ADD 1  
PE-CONS 24/23  
PECHE

*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

a d'fhorghabh Coreper, Cuid 1, an 13.9.2023

D'fhorghabh an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 43(2) CFAE). Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

## Ceartas agus Gnóthaí Baile

2. **Rialachán maidir le malartú faisnéise digití maidir le  
cásanna sceimhlitheoireachta trasteorann**  12601/23  
*Glacadh an ghnímh reachtaigh* PE-CONS 74/22  
a d'fhorghreag Coreper, Cuid 2, an 15.9.2023 An Ard-  
Stiúrthóireacht um  
Cheartas agus  
Gnóthaí Baile

D'fhorghreag an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 85 CFAE). I gcomhréir leis na Prótacail ábhartha atá i gceangal leis na Conarthaí, níor ghlac an Danmhairg ná Éire páirt sa vótáil.

3. **Treoir lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB**  12605/23  
**ón gComhairle, a mhéid a bhaineann lena ailíniú le rialacha** PE-CONS 30/23  
**an Aontais maidir le sonraí pearsanta a chosaint** COPEN  
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*  
a d'fhorghreag Coreper, Cuid 2, an 15.9.2023

D'fhorghreag an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 16(2) CFAE).

## Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais

4. **Seasamh ón gComhairle maidir le DAB Uimh. 3/2023:**  12433/23  
**nuashonrú ar ioncam (acmhainní dílse) agus ar** 12434/23  
**choigeartuithe teicniúla eile** 11360/23  
*Glacadh* FIN  
*Formheas litreach*  
a d'fhorghreag Coreper, Cuid 2, an 15.9.2023

Ghlac an Chomhairle a seasamh maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3/2023, (bunús dlí: Airteagal 314 CFAE agus Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach).

## IASCACH

### Gníomhaíochtaí neamhrechtacha

3. An tAontas agus an Ríocht Aontaithe: na comhairliúcháin bhliantúla maidir le deiseanna iascaireachta le haghaidh 2024  
*Seisiún tuairimíochta* 12133/23
4. An tAontas agus an Iorua agus stáit chósta: na comhairliúcháin bhliantúla do 2024  
*Seisiún tuairimíochta* 12131/23

## TALMHAÍOCHT

### Plé reachtach

(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

5. **Treoir maidir le sláinte ithreach: Ithreacha an Aontais a chosaint, a bhainistiú go hinbhuanaithe agus a athbhunú – Gnéithe talmhaíochta**  12650/23  
*Faisnéis ón gCoimisiún*  
*Díospóireacht bheartais*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle maidir le gnéithe talmhaíochta an togra le haghaidh Treoir maidir le Sláinte Ithreach agus thug sí dá haire an pointe ‘Aon ghnó eile’ a d’iarr an Pholainn maidir le tionchar an dréachtrialacháin ar athbhunú an dúlra don talmhaíocht. Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún agus an Pholainn ar fáil chomh maith le barúlacha agus ceisteanna ó na toscaireachtaí.

### Gníomhaíochtaí neamhrechtacha

6. Saincheisteanna talmhaíochta a bhaineann le trádáil 12640/23  
*Faisnéis ón gCoimisiún*  
*Seisiún tuairimíochta*
7. **Fís fhadtéarmach le haghaidh Cheantair Thuaithe an Aontais: a bhfuil i ndán do cheantair thuaithe an Aontais a mhúnlú**  12616/23  
*Seisiún tuairimíochta*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle maidir le fís fhadtéarmach maidir lena bhfuil i ndán do cheantair thuaithe an Aontais. Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil agus na barúlacha agus na ceisteanna a rinne na toscaireachtaí ina leith sin. Fillfidh an Chomhairle ar an bpointe sin ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

## Aon ghnó eile

### Talmhaíocht

8. (a) **Tograí reachtacha reatha**  
(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

**Tionchar an dréacht-Rialacháin maidir le hAthchóiriú an Dúlra don talmhaíocht**  13057/23 + **COR 1**  
*Faisnéis ó thoscaireacht na Polainne*

Tugadh aghaidh ar mhír 8(a) faoi mhír 5.

- (b) **Fiabhras Afracach na Muc sa tSualainn**  12949/23  
*Faisnéis ó thoscaireacht na Sualainne*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Sualainne ar fáil maidir le Fiabhras Afracach na Muc sa tSualainn. Thug an Chomhairle dá haire freisin na barúlacha a thug na toscaireachtaí agus an Coimisiún.

- (c) **Cruinniú na Náisiún Aontaithe maidir le Staid Imeartha na gCóras Bia +2 (an Róimh, an 24-26 Iúil 2023)**  12928/23  
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir leis na príomhthorthaí ó Chruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe maidir le Córais Bhia+ 2 Staid na hImeartha. Thug an Chomhairle dá haire freisin barúlacha an Choimisiúin agus na dtoscaireachtaí.

- (d) **Damáiste don talmhaíocht, foraoiseacht agus dobharshaothrú mar thoradh ar na tuilte in 2023**  12872/1/23 REV 1  
*Faisnéis ó thoscaireacht na Slóivéine*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireachtaí na Slóivéine agus na Gréige ar fáil maidir leis an damáiste a rinneadh don talmhaíocht, don dobharshaothrú agus d'fhoraoisí de bharr dóiteáin agus tuilte. Thug an Chomhairle dá haire freisin an méid a bhí le rá faoi sin ag an gCoimisiún agus ag na toscaireachtaí.

- (e) **Géarchéim aeráide agus tubaistí nádúrtha sa Ghréig**  
*Faisnéis ó thoscaireacht na Gréige*

12871/23

Is in éineacht le mír 8(d) a pléadh mír 8(e).

- (f) **Simpliú agus rialáil níos fearr i gComhbheartais an Aontais maidir le bia, talmhaíocht agus iascach**  
*Faisnéis ó thoscaireacht na Danmhairge, thar ceann thoscaireachtaí na Bulgáire, na Seicia, na Danmhairge, na hEastóine, na hUngáire, na Laitvia, na Liotuáine, na hÍsiltíre, na Portaingéile, na Slóvaice agus na Sualainne*

12926/23

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Danmhairg ar fáil thar ceann na Bulgáire, Phoblacht na Seice, na Danmhairge, na hEastóine, na Fionlainne, na hUngáire, na Laitvia, na Liotuáine, na hÍsiltíre, na Portaingéile, na Slóvaice agus na Sualainne chomh maith le barúlacha na dtoscaireachtaí agus an Choimisiúin.

- 
- ① An chéad léamh
- C Mír bunaithe ar thogra ón gCoimisiún
- 2 Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)
-

**RÁITIS A GHABHANN LEIS NA MÍREANNA REACHTACHA ‘A’ A LEAGTAR AMACH**

**IN 12857/23**

**Maidir le mír 1 ar  
liosta na míreanna  
'A':**

**Rialachán maidir le forálacha áirithe i ndáil le hiascaireacht i limistéar  
Chomhaontú an Choimisiúin Ghinearálta Iascaigh don Mheánmhuir  
(CIGM) (athmhúnlú)**  
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

‘Tá togra á ullmhú ag an gCoimisiún faoi láthair chun Moltaí an Choimisiúin Ghinearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM), ar Moltaí iad a eascraíonn as Seisiúin Bhliantúla CIGM in 2021 agus 2022 a chur chun feidhme, d’fhonn an togra seo a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle go tráthúil.’